



**Scéim Teanga
Institiúid Teicneolaíochta,
Tamhlacht**

**2015 – 2018
Faoi Alt 11 d’Acht na
dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Language Scheme of the
Institute of Technology,
Tallaght**

**2015 – 2018
Under Section 11 of the
Official Languages Act 2003**

| CLÁR ÁBHAR | Leathanach |
|--|-------------------|
| 1.0 RÉAMHRÁ | 2 |
| 1.1 Próiseas Comhairleoireachta agus Ullmhú na Scéime | |
| 1.2 Achoimre ar Thorthaí na nAighneachtaí Poiblí agus an Cheistneora Inmheánaigh | |
| 1.3 Ábhar na Scéime Teanga | |
| 1.4 Dáta Tosaigh na Scéime | |
| 2.0 FORBHREATHNÚ AR ITT | 4 |
| 2.1 Misean agus Cuspóir na hInstitiúide | |
| 2.2 Custaiméirí agus Cliaint | |
| 3.0 ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ ATÁ AR FÁIL DON bPOBAL AG TOSACH NA SCÉIME | 6 |
| 3.1 Feabhsuithe ar Sheirbhísí a bheidh ar fáil ag deireadh na Scéime | |
| 3.1.1 Oibríochtaí Lasc-Chláir | |
| 3.1.2 Foilseacháin Bhliantúla | |
| 3.1.3 Foilseacháin Oifigiúla | |
| 3.1.4 Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais ar Chúrsaí agus Bileoga | |
| 3.1.5 Suíomh Gréasáin | |
| 3.1.6 Timpeallacht Foghlama Fhíorúil (VLE) | |
| 3.1.7 Caidreamh Poiblí | |
| 3.1.8 Córais Ríomhairithe | |
| 3.1.9 Cúrsaí Teanga atá ar fáil san Abhantrach | |
| 3.1.10 Logainmneacha Gaeltachta | |
| 3.2 Earcú | |
| 3.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne | |
| 4.0 MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ | 9 |
| 5.0 AN SCÉIM CHOMHAONTAITHE A PHOIBLIÚ | 9 |

1.0 Réamhrá

D'ullmhaigh Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht, an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (dá nglaofar an tAcht air as seo ar aghaidh). Forálann Alt 11 d'ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí, ina mionsonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus

na bearta a nglacfar d'fhonn a chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil tríthi laistigh den dtráthchlár comhaontaithe.

Thar shaolré na scéime faofa táthar ag súil go mbeidh ar chumas a lán réimsí a dhéanann a gcuid gnó trí mheán an Bhéarla amháin faoi láthair gnéithe dá gcuid gnó a dhéanamh tríd an dá theanga oifigiúla.

1.1 Próiseas Comhairleoireachta agus Ullmhú na Scéime

Cuireadh foireann tionscadail ar bun chun comhairle a chur ar an gComhairle Acadúil maidir le cur i ngníomh Acht na dTeangacha Oifigiúla san Institiúid.

Cuireadh fógra san Irish Times inar tugadh cuireadh don bpobal aighneachtaí a chur isteach maidir le soláthar seirbhísí ag an Institiúid. D'eisigh Fochoiste Gaeilge na Comhairle Acadúla ceistneoir chun leibhéal bonnlíne an chumais Ghaeilge san Institiúid a aithint agus d'iarr tuairimí maidir le sásraí a bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn leo san Institiúid. Ba chabhair iad an ceistneoir agus na freagraí chun measúnú ar éileamh bunúsach a fháil agus na leibhéil chumais atá ag an bhfoireann cheana féin, mar aon leis an leibhéal suime a léireodh an fhoireann a bheith rannpháirteach in oiliúint foirne sa teanga a aimsiú.

Ba iad seo na príomhbhearta agus is iad mar aon leis na Treoirlínte a bhí mar bhonn eolais againn agus an Scéim á dréachtú. Is mór leis an Institiúid an t-am agus na hiarrachtaí a rinne gach duine lena mbaineann an próiseas seo.

1.2 Achoimre ar Thorthaí na nAighneachtaí Poiblí agus agus an Cheistneora Inmheánaigh

I ndiaidh anailís a dhéanamh ar fhreagraí ar na ceistneoirí inmheánacha tuigeadh nach raibh ach fórbheagán daoine ar an bhfoireann líofa sa Ghaeilge ach gur chuir roinnt mhaith ball den bhfoireann suim sa teanga. Meastar go mbeidh, sa mheántearma go dtí an fadtéarma agus trí chomhar le comhinstiúidí, dóthain cumais ag an bhfoireann reatha chun bogadh ar aghaidh go pointe ina bhféadfar a lán gnéithe de ghnó na hInstitiúide a sheoladh trí mheán an dá theanga oifigiúla má théitear i mbun na hoiliúna ábhartha.

1.3 Ábhar na Scéime Teanga

Is trí mheán an Bhéarla a chuirtear gach seirbhís ar fáil faoi láthair. Tá cumais éagsúla i labhairt na Gaeilge ag líon beag de bhaill foirne agus tá cumais scríofa ag duine nó beirt. Dá bhrí sin beidh tosaíochtaí na scéime mar seo a leanas:

1. Cumas teanga (labhairt agus scríobh) a fheabhsú do bhaill foirne roghnaithe
2. Ábhar a fhoilsiú san dá theanga in aon chlúdach amháin ach amháin mura féidir sin a dhéanamh de dheasca toirt nó nádúir an doiciméid.
3. Príomhghnéithe den suíomh gréasáin a bheith ar fáil san dá theanga
4. Cur le cumas na hInstitiúide gnéithe dá gnó a sheoladh san dá theanga
5. Na rialacháin maidir le comharthaíocht a chomhlíonadh
6. Pearsanra a bheith ar fáil i réimsí feidhme a bhfuil ar a gcumas seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.
7. Comhaontais straitéiseacha a fhorbairt le hInstitiúidí Teicneolaíochta eile chun deiseanna oiliúna foirne cuí sainoiriúnaithe a sholáthar i bpríomhréimsí na hInstitiúide

1.4 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tosóidh an scéim le héifeacht ó **28 Meán Fómhair 2015** agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire scéim nua de bhun *Ailt 15* den Acht, cibé acu is déanaí.

2.0 Forbhreathnú ar ITT

Tá Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht suite i nDeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, an lárionad uirbeach is mó in Éirinn seachas Baile Átha Cliath agus Corcaigh. Tá daonra de bhreis is 100,000 aige. Bunaíodh an Institiúid sa bhliain 1992 agus sa stair bhreá ghairid seo tá méadú tagtha uirthi ó thaobh toirte, crutha agus réimse agus leibhéal na gclár atá á soláthar aici. Tá foireann 400 ag an Institiúid agus freastalaíonn sí ar phobal mac léinn tuairim is 3,000 lánaimseartha agus 1,500 mac léinn páirtaimseartha. Tá réimse leathan clár á tairiscint aici idir Ardteastas, Ghnáthchéim, Chéim Onóracha, Mháistreacht agus Dhochtúireacht. Cuirtear cúrsaí ar fáil i modhanna seachadta éagsúla lena n-áirítear lánaimseartha, páirtaimseartha, laistigh de chuideachta agus staidéar bunaithe ar obair. Tá méadú buanseasmhach tagtha ar líon na n-iarchéimithe a thugann faoi chéimeanna Máistreachta trí thaighde agus faoi Dhochtúireachtaí le blianta beaga anuas agus is amhlaidh atá an scéal maidir le líon na mball foirne a ghabhann do mhaoirseacht taighde.

2.1 Misean agus Cuspóir na hInstitiúide

Agus aird á tabhairt dá cuid feidhmeanna de réir mar atá siad leagtha amach in Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006 agus reachtaíocht roimhe sin, tá a ráiteas misin curtha i bhfocail ag an Institiúid sa *Phlean Straitéiseach* reatha mar seo a leanas:

Is é misean na hInstitiúide Teicneolaíochta, Tamhlacht ná gurb í an t-ionad d'ardoideachas agus do chruthú eolais i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar mórthimpeall, rannpháirtíocht san ardoideachas sa réigiún a fhairsingiú, a bheith aitheanta mar cheannaire i dtacaíocht don taighde agus nuáil i gcúrsaí trádála agus cabhrú chun saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn sa réigiún. Déanfaidh an Institiúid na rudaí seo a leanas:

- Réimse deiseanna foghlama solúbtha a bhaineann le hábhar agus atá dírithe ar ghairmréim a thairiscint laistigh de thimpeallacht foghlama ghairmiúil thacúil.
- Deiseanna foghlama aosaí breise a chur ar fáil de réir riachtanais ghairmréime na ndaoine siúd a mhaireann sa réigiún agus de réir riachtanais forbartha gnó, tionscail agus na sochaí.
- Comhionannas rochtana a chur chun cinn d'fhonn cur le rannpháirtíocht agus chun éascaíocht a dhéanamh do gach foghlaimeoir chun gur féidir leo a lán-acmhainneacht a bhaint amach.
- Fónamh mar ionad atá chun tosaigh i dtaighde a chur chun cinn, i nuáil thráchtála agus i bhfiontar a fhorbairt sa réigiún.
- Tionscnaimh a chur i ngníomh a mhéadóidh deiseanna do na saoránaigh uile a bheith rannpháirteach i bhforbairt an réigiúin agus an rannpháirtíocht seo a uasmhéadú.

- Réimse comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh idirnáisiúnta a chothú agus ról agus gníomhaíochtaí láracha na hInstitiúide a chur chun cinn.

Léiríonn ráiteas misin na hInstitiúide freagrachtaí na hInstitiúide don réigiún dá bhfónann sí agus a tiomantas a bheith ina cuid dhílis den réigiún, trí fhreagairt go leanúnach agus go solúbtha do riachtanais an réigiúin.

2.2 Custaiméirí agus Cliant

Is iad na mic léinn príomhchustaiméirí na hInstitiúide. Tá dualgas cúraim ar leith aici ina leith. Lena chois sin bíonn idirghníomhaíocht aici le hInstitiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile agus leis an phobal i gcoitinne. Is iad seo a príomhbhonn cliant agus custaiméirí ach ní liosta iomlán é seo:

- An tÚdarás um Ardoideachais
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- Comhaontas Ardoideachais Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Institiúidí Teicneolaíochta Éireann
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
- Na Boird Oideachais agus Oiliúna
- Comhairlí Contae
- Fiontar Éireann
- An tÚdarás Forbartha Tionscail (ÚFT)
- Fáilte Éireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Innealtóirí Éireann
- An Chomhairle Mhúinteoireachta

Leagann an scéim seo síos spriocanna na hInstitiúide do na trí bliana amach romhainn. Is í an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach atá freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh uirthi.

3.0 Achoimre ar Sheirbhísí atá ar fáil don bPobal ag tosach na Scéime

Is í príomhfheidhm an Achta ná a chinntiú go mbeidh níos mó seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge agus go mbeidh siad ar fáil ar chaighdeán níos airde. Tá ITT ag obair chun riachtanais an Achta a chomhlíonadh ina n-iomláine. Is í príomhfheidhm na hInstitiúide cláir oideachais den scoth a sholáthar agus i láthair na huairé cuirtear gach clár ar fáil trí Bhéarla. Ina theannta sin, cuirtear seirbhísí don bpobal i gcoitinne, do luchtanna leasa agus do ghníomhaireachtaí eile ar fáil trí Bhéarla amháin.

I láthair na huairé cuirtear Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais ar fáil sa dá theanga oifigiúla ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide de réir Ailt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

3.1 Feabhsuithe ar Sheirbhísí a bheidh ar fáil ag deireadh na Scéime

Sa chuid seo leagtar amach an staid maidir le feabhas a bheith á chur ag an Institiúid ar sholáthar seirbhíse trí mheán na Gaeilge. Ní réamh-mheasann an Institiúid áfach, go dtiocfaidh éileamh ar sholáthar cúrsaí trí Ghaeilge agus is léir di go bhfuil roinnt institiúidí tríú leibhéal a bhfuil cuid acu suite i gceantair Ghaeltachta, ag comhoibriú d'fhonn cur chuige aontaithe a ghlacadh ar mhaithe leis an soláthar seo. Cé go n-aithnítear go bhfuil gach seirbhís á tairiscint ag an Institiúid trí Bhéarla amháin beidh na feabhsuithe seo a leanas ar fáil ag deireadh na Scéime reatha mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Cuimhníonn an Institiúid leis, go bhfuil níos mó dá cuid seirbhísí de réir a chéile á chur ar fáil trí acmhainní ar líne.

3.1.1 Oibríochtaí Lasc-Chláir

D'ainneoin líon beag glaonna ar ITT, Tamhlacht a bhfuil seirbhís trí Ghaeilge uathu tá gealltanais tugtha ag an Institiúid seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do ghlaoteoirí. Ag tús na scéime seo cuirfidh an Institiúid seirbhís ar bun do na glaoteoirí siúd ar mian leo a gcuid gnó a reáchtáil trí Ghaeilge. Sa chás seo freastalófar ar ghlaoteoirí ar rogha leo sin trí mheán na Gaeilge. Má mheastar líon na nglaoiteoirí ar mian leo a gcuid idirghníomhaíochtaí leis an Institiúid a dhéanamh trí Ghaeilge a bheith suntasach breithneofar ar an tseirbhís seo a leathnú.

3.1.2 Foilseacháin Bhliantúla

I láthair na huairé foilsíonn an Institiúid Réamheolaire do chúrsaí lánaimseartha agus Réamheolaire d'Fhoghlaim ar feadh an tSaoil ar bhonn bliantúil. Ar an iomlán tá an Institiúid ag druidim i dtreo ríomhfhoilseacháin, áfach. Geallann an Institiúid gnáthhinneachar an Réamheolaire a fhoilsiú sa dá theanga ar an suíomh gréasáin laistigh den chéad bhliain den Scéim seo. Tabharfar mionsonraí na gcúrsaí sa teanga ina seachadtar iad. Beidh Foilseacháin Bhliantúla eile atá dírithe ar léitheoirí idirnáisiúnta i mBéarla nó i mBéarla agus i dteanga iasachta.

3.1.3 Foilseacháin Oifigiúla

Foilseofar foilseacháin atá faoi alt 10 den Acht, mar shampla an Tuarascáil Bhliantúil, sa dá theanga laistigh d'aon chlúdach amháin. Tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide sa dá theanga oifigiúla agus beidh i gcónaí.

3.1.4 Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais ar Chúrsaí agus Bileoga

Tá roinnt ábhar eolais ar pháipéar atá in úsáid i gcónaí ag an Institiúid. Déanfar na bróisiúir, foirmeacha iarratais ar chúrsaí agus bileoga eolais atáthar chun nuashonrú a chur orthu, a aistriú agus a chur ar fáil san dá theanga laistigh de shaolré na scéime. Ar an iomlán, cuirfear doiciméid dhátheangacha ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin. I gcás foilseacháin ar bith atá rófhada laistigh d'aon chlúdach amháin déanfar iad a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla ar leithligh. Beidh foilseacháin atá dírithe ar léitheoirí idirnáisiúnta i mBéarla amháin. Foilseofar tuairiscí ó chomhairleoirí agus tuairiscí teicniúla sa teanga inar cuireadh na tuairiscí i láthair i dtús báire.

3.1.5 Suíomh Gréasáin

Beidh suíomh gréasáin na hInstitiúide ar fáil san dá theanga maidir le míreanna eolais ginearálta. Is é a d'áireofaí ar eolas ginearálta cé nach bhfuil sé teoranta don méid seo, ná eolas cúlra faoin Institiúid, mionsonraí maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí, acmhainní san Institiúid, cur síos ar mhúineadh, foghlaim, spóirt, clubanna, cumainn agus seirbhísí eile atá ar fáil do na mic léinn. Cuirfear doiciméid ar nós Rialacháin na hInstitiúide, Pleananna Straitéiseacha, Aithisc ón Uachtarán agus Tuarascálacha Bliantúla ón Institiúid ar fáil ar an suíomh gréasáin san dá theanga (má tá siad foilsithe cuirfear laistigh d'aon chlúdach amháin ar fáil iad go dátheangach).

Coinneofar na míreanna seo a leanas i mBéarla amháin ar an suíomh idirlín:

- Codanna atá dírithe ar léitheoirí idirnáisiúnta
- Codanna de chineál teicniúil nó saineolais
- Cláir a sheachadtar thar an ngréasán
- Codanna a bhaineann le cláir foghlama nó oiliúna nua

3.1.6 Timpeallacht Foghlama Fhíorúil (VLE)

Úsáidtear an tairseach VLE do mhic léinn trína dtugtar eolas nó seirbhísí agus comhairle ar áiseanna mar mheán cumarsáide leis na mic léinn. Faoi dheireadh na Scéime beidh eolas ábhartha poiblí ar an láithreán ar fáil san dá theanga oifigiúla. Cuirfear ábhar cúrsa, nótaí agus tacaí srl. ar fáil ar an VLE sa teanga ina seachadtar an cúrsa.

3.1.7 Caidreamh Poiblí

Eiseofar gach preaseisiúint a bhaineann le hobair na hInstitiúide sa Ghaeltacht agus/nó le gnóthaí Gaeilge i nGaeilge nó go comhuaineach san dá theanga. Más féidir, eiseofar preaseisiúintí eile i nGaeilge. Foilseofar óráidí nó ráitis sa teanga ina seachadadh iad.

Tabharfar suntasacht chuí don nGaeilge in aithisc ó bhaill den Bhord Rialaithe agus ó Uachtarán na hInstitiúide.

3.1.8 Córais Ríomhairithe

Tá ríomhairí na foirne ginearálta comhoiriúnach leis an nGaeilge. Tá monatóireacht á déanamh ag an Institiúid ar sheiceálaithe litrithe, gramadaí agus ar fhoclóirí Gaeilge a bheith ar fáil a fhéadfar a chomhtháthú i gcóras na dtáirgí de chuid Microsoft Office a úsáidtear san Institiúid. I gcinntí chun uasghrádú a dhéanamh ar ardán ríomhairí na hInstitiúide tabharfar san áireamh táirgí Gaeilge ar bith atá luaite thuas.

3.1.9 Cúrsaí Teanga atá ar fáil san Abhantrach

Cuireann soláthraithe poiblí agus príobháideacha roinnt mhaith cúrsaí Gaeilge ar fáil i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ag leibhéal fochéime, iarchéime agus gairmiúil. Lena chois sin tá a lán Gaelscoileanna a chuireann Ranganna Gaeilge ar fáil istoíche. Déanfaidh an Institiúid monatóireacht ar an riachtanas le soláthar Gaeilge sa cheantar agus breithneoidh sí ar chlár d'fhorbairt phearsanta den sórt seo a chur ar fáil más cuí.

3.1.10 Logainmneacha Gaeltachta

Úsáidfidh an Institiúid logainmneacha oifigiúla na gceantar Ghaeltachta [mar a d'fhógair an tAire san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004].

3.2 Earcú

Beidh ITT ar an eolas faoina cuid dualgas faoin Acht agus foireann á hearcú aici. Cuirfear gach earcach nua ar an eolas faoi dheiseanna forbartha chun a chumas Gaeilge a fheabhsú.

3.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá an Institiúid tiomanta go leanúnach d'oiliúint agus tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhorbairt na foirne go léir tríd an Oifig Acmhainní Daonna. Déanfaidh an Oifig Acmhainní Daonna na nithe seo a leanas;

- a. Oibríthe deonacha a lorg ar fud na hInstitiúide a thabharfaidh seirbhísí agus a chabhróidh chun an scéim a chur i ngníomh agus soláthróidh sí na hacmhainní riachtanacha do na baill foirne seo (m. sh. foclóirí Gaeilge, acmhainní ar líne);
- b. Pléifidh sí roghanna oiliúna agus sainriachtanais le baill den bhfoireann a bhfuil suim acu agus cuirfidh sí plean forbartha ar bun chun gealltanais na Scéime a chur i ngníomh;

- c. Feasacht teanga a mhéadú trína taispeáint ar fud gach campais, ar scáileáin phlasma, cláir fógraí, srl.
- d. Feasacht teanga agus feasacht ar scéim ITT a chur san áireamh in ionductú bliantúil do bhaill foirne nua;

4.0 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Déanfaidh an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach monatóireacht agus athbhreithniú ar gharspriocanna na Scéime. Déanfaidh gach réimse feidhmiúil plan trí bliana chun an Scéim a sheachadadh ina réimse dualgais féin. Déanfaidh na Cinn Fheidhme an mhonatóireacht lá go lá. Is iad atá freagrach as an Scéim a chur i ngníomh ina gcuid réimsí féin.

Déanfaidh an Institiúid teagmháil leis na comhinstiúidí seo: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, chun an leas is fearr a bhaint as deiseanna d'fhorbairt foirne a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sna hInstitiúidí seo faoi láthair d'fhonn cur le soláthar Gaeilge i gcóhórt foirne na hInstitiúide.

5.0 An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Foilseofar an scéim chomhaontaithe sa dá theanga oifigiúla ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. De réir mar a bhíonn seirbhísí dátheangacha ar fáil cuirfear chun cinn iad agus fógrófar iad ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Fógróidh an Institiúid tosach na scéime sa phreas áitiúil.

Cuirfear cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.